

**INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
SCRÚDÚ FAOI THEASTAIS GHAEILGE**

**AN SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE
OIRIÚNÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE
FÓMHAR, 2024**

**TRIAIL CHLUASTUISCEANA
TÉACS NA MÍREANNA**

Na gíotaí sa triail chluastuisceana seo,
tá siad curtha in oiriúint ó ghíotaí a foilsíodh ag:
<http://www.tuairisc.ie>; <http://www.peig.ie> agus
<https://www.into.ie/media-centre/publications/intouch/>

Treasa:

Institiúid Oideachais Marino, 2024.

An Cháilíocht sa Ghaeilge.

Triail Chluastuisceana.

Leanfaidh an triail seo ar feadh beagnach uair an chloig. Iarrtar ort éisteacht leis na giotáí cainte ar fad agus leis na treoracha a chloisfidh tú ar an téip.

Tá trí roinn sa triail: Roinn A: Fógraí

Roinn B: Comhráite

Roinn C: Míreanna Nuachta

Tá na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le gach ceann de na trí roinn sin, clóbhuailte ar do pháipéar scrúdaithe.

[Bleep]

Roinn A: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn A.

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 1

(Canúint na Mumhan)

Áine:

Fógraíonn an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán go mbeidh deontas saor ó cháin suas le sé mhíle euro ar fáil do mhúinteoirí a chuirfidh feabhas ar a gcuid Gaeilge faoi scéim dheonach phíolótach nua atá beartaithe ag an rialtas.

Beidh céimeanna éagsúla sa scéim nua. Ag an tús, déanfar cumas Gaeilge na múinteoirí a chuirfidh isteach ar an scéim a thástáil trí chóras tástála TEG, is é sin an Teastas Eorpach sa Ghaeilge. Ansin, beidh ar na hiarrthóirí tréimhse d'ocht mí a chaitheamh ag díriú ar a scileanna teanga trí pháirt a ghlacadh i gcúrsa Gaeilge ar líne. Ina dhiaidh sin caithfidh na hiarrthóirí tréimhse de thrí seachtaine sa Ghaeltacht. Ag an deireadh, déanfar tástáil TEG eile ar na hiarrthóirí chun an dul chun cinn atá déanta acu a mheas. Íocfar deontas idir dhá mhíle agus sé mhíle euro ag brath ar an dul chun cinn a dhéanfaidh iarrthóirí.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoin scéim phíolótach úr seo trí ghlaao a chur ar an Oifig roimh a cúig a chlog ó Luan go hAoine. Is í uimhir na hoifige ná: 01-7845258.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 2

(Canúint Chonnacht)

Seosamh:

Fógra anseo ó Údarás na Gaeltachta. Tá sé beartaithe Ionad Oideachais agus Óige nua a thógáil ar láthair Choláiste Lurgan in Indreabhán, Conamara. Cuireadh na pleananna don Ionad nua i láthair an phobail ag seisiún eolais i Seanscoil Sailearna Dé Luain seo caite. Meastar go gcosnóidh an tIonad deich milliún san iomlán agus táthar ag súil leis go mbeidh sé tógtha roimh dheireadh 2025 (fiche fiche a cúig).

De réir na bpleananna, beidh halla mór, seomraí ranga, cistin agus oifigí san ionad nua agus beidh spás súgartha agus clós páirceála taobh amuigh. Beidh an tIonad faoi úinéireacht Údarás na Gaeltachta ach le linn an tsamhraidh is é Coláiste Lurgan a úsáidfí an tIonad do chúrsaí samhraidh agus beidh an tIonad ar fáil don phobal áitiúil don chuid eile den bhliain mar áis oideachais agus spóirt.

Tá tuilleadh eolais maidir leis na pleananna don ionad nua ar fáil ag www.udarásnagaeltachta.ie.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 3

(Canúint Uladh)

Muiris:

Fógra anseo ó Leabhar Gill. Tá leabhar úr le Steven Walker dar teideal *John Hume: The Persuader* ar díol sna siopaí anois. Is beathaisnéis spreagúil é agus cuirfidh muintir Dhún na nGall spéis ar leith sa léargas a thugtar ann ar an nasc a bhíodh ag John Hume le Gaoth Dobhair.

Ba ghnách le John Hume achan samhradh a chaitheamh i nGaoth Dobhair agus is cuimhin le muintir na háite é a fheiceáil sna siopaí, ag Teach an Phobail agus i dtithe tábhairne an pharóiste. Ach tugann an leabhar seo léargas, fosta, ar chruinniú tábhachtach a tharla i nGaoth Dobhair sa bhliain naoi déag ochtó agus a seacht idir Paddy McGrory agus John Hume. Sa chruinniú sin, chuir Paddy McGrory ina luí ar John Hume go raibh Sinn Féin lán-dáiríre faoi pháirt a ghlacadh sa phróiseas síochána.

Más mian leat an scéal iomlán a fháil, is féidir an leabhar a ordú ar líne ag www.easons.com agus is é trí euro is fiche an praghas atá air.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa:

Roinn B: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na teoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn B.

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Comhrá I
(Canúint na Mumhan)

- Ciarán: Dia duit, a Shíle! Díreach an duine a bhí á lorg agam!
(Tomás) Ní fhaca mé thú le cúpla seachtain.
- Síle: Dia is Muire duit, a Chiaráin. Tá sé go deas tú a fheiceáil. Bhí mé thíos i
(Áine) gCiarraí ar feadh míosa. Rinne mé cúrsa Ióga in ionad spioradáltachta
lasmuigh de Chill Airne.
- Ciarán: Tá sé sin go hiontach. An raibh an cúrsa go maith?
- Síle: Bhí sé ar fheabhas! Rinne sé maitheas don intinn agus don chorp!
- Ciarán: Bhuel! Creid nó ná creid é bhí mé ag iarraidh labhairt leat faoi chúrsaí Ióga.
- Síle: An raibh? Cén fáth?
- Ciarán: Táim ag smaoineamh faoi ranganna Ióga a eagrú do mo rang i mbliana.
- Síle: Cén rang a bheidh agat?
- Ciarán: Beidh Rang a Trí agam.
- Síle: Bhainfeadh Rang a Trí an-tairbhe as cúrsa Ióga. Beidh ort teagmháil a
dhéanamh le Óga *Yoga*. Is é sin an grúpa a fuair mé do mo rang féin
anuraidh. Mholfainn iad – tá go leor taithí acu ar a bheith ag obair trí mheán
na Gaeilge i mbunscoileanna. Cuireann siad gearrchúrsaí a mhaireann
téarma ar fáil.
- Ciarán: Bheadh sé sin ar fheabhas! Is é sin an cineál socraithe a bhí uaim. Agus
céard faoi mhataí Ióga? An mbeidh ar an scoil iad sin a cheannach?
- Síle: Ní bheidh. Cuirfidh Óga *Yoga* mata Ióga ar fáil do gach páiste sa rang.
- Ciarán: Go hiontach! Rachaidh mé i dteagmháil leo níos déanaí inniu. Go raibh
míle maith agat, a Shíle.
- Síle: Tá fáilte romhat, a Chiaráin. Táim cinnte go mbainfidh na páistí an-
taitneamh as na ranganna!

[Bleep]
[45 seconds gap]
[Bleep]
[Repeat above text]
[Bleep]
[45 seconds gap]
[Bleep]
[Repeat above text]
[Bleep]
[45 seconds gap]
[Bleep]

Treasa: Comhrá 2
(Canúint Chonnacht)

- Ciara: Dia duit, a Ghearóid. Cén chaoi a bhfuil tú?
(Treasa)
- Gearóid: Táim go maith, go raibh maith agat. An raibh tú sa chaifé Gaeilge seo
(Seosamh) cheana?
- Ciara: Bhí. Buailim isteach anseo le mo chomhghleacaithe tar éis na scoile ó am go
chéile chun píosa Gaeilge a labhairt.
- Gearóid: Nach bhfuil sé go hiontach go bhfuil an méid sin áiseanna Gaeilge ann don
aos óg anois?
- Ciara: Tá sé ar fheabhas, a Ghearóid! Ar fhéach tú riamh ar an gcainéal teilifíse
Gaeilge nua atá ar an aer do dhaoine óga?
- Gearóid: D'fhéach mé air cúpla uair. Bhí áthas orm a fheiceáil go bhfuil seirbhís
nuachta Gaeilge do dhaoine óga ar fáil air.
- Ciara: Is é an rud is fearr liomsa faoin tseirbhís nuachta sin ná go bhfeiceann
daoine óga daoine óga eile le Gaeilge ar an scáileán.
- Gearóid: Is fíor duit! Tá sé an-tábhachtach go mbíonn eiseamláirí ag daoine óga.
Agus an mbaineann tú úsáid as aon chuid den ábhar ar Cúla4 i do chuid
ceachtanna ar scoil?
- Ciara: Baineann. Is breá liom na físeáin amhránaíochta a chuireann siad ar fáil ar
YouTube gach Luan agus gach Déardaoin.
- Gearóid: Caithfidh mé spléachadh a thabhairt orthu sin. Ní raibh a fhios agam go
gcuireann siad ábhar ar *YouTube* freisin.
- Ciara: Cuireann. Is áis iontach é do mhúinteoirí.
- Gearóid: Ar aon nós...An bhfuil tú réidh le hordú, a Chiara?
- Ciara: Tá. Beidh an rogha veigeatóra agamsa.
- Gearóid: Táimse stiúgtha leis an ocras. Ceapaim go mbeidh an sicín rósta agamsa.

[Bleep]
[45 seconds gap]
[Bleep]
[Repeat above text]
[Bleep]
[45 seconds gap]
[Bleep]
[Repeat above text]
[Bleep]
[45 seconds gap]
[Bleep]

Treasa: Comhrá 3
(Canúint Uladh)

- Liam: Dia duit, a Mhoya! Cad é mar atá tú?
(Muiris)
- Moya: Dia is Muire duit, a Liam. Tá gach rud go breá.
(Caitlín)
- Liam: Bhí mé ag smaoineamh ort ar na mallaibh. An bhfuil tú tar éis sos gairme a thógáil ón scoil?
- Moya: Tá. Shocraigh mé sos gairme a thógáil chun bliain a chaitheamh sa Ghaeltacht.
- Liam: Tá sé sin ar dóigh. Cén Ghaeltacht ina mbeidh tú ag cur fút?
- Moya: Caithfidh mé an bhliain go léir i nGleann Cholm Cille. Tá post páirtaimseartha faighte agam mar threoraí siúlóidí ansin.
- Liam: Beidh saol an mhadra (mhadaidh) bháin agat ansin! Ar chuala tú go bhfuil clú bainte amach ag scannán nua atá suite i nGleann Cholm Cille?
- Moya: Chuala mé é sin. *In the Land of Saints and Sinners* an t-ainm atá air. Tá sé ar fáil ar *Netflix*. Níor fhéach mé air go fóill.
- Liam: Níor fhéach mé air ach an oiread ach fuair sé léirmheasanna maithe. Tá Liam Neeson sa phríomhpháirt agus tá scaifte mór aisteoirí cáiliúla eile ann, fosta.
- Moya: Chuala mé gur scéinséir é. Bheinn rud beag faiteach féachaint air agus mé ar tí bogadh go dtí an áit.
- Liam: Tá an ceart agat. Níl sé doiligh é sin a thuiscint! Cén uair a bheidh tú ag dul ó thuaidh?
- Moya: Beidh mé ag fágáil Dé hAoine seo chugainn.
- Liam: Bhuel! Ádh mór ort. Bain súp as an bhliain!
- Moya: Go raibh míle maith agat. Beidh mé ar ais fá choinne cúpla lá ag an Nollaig. Seans go dtchífidh mé ansin thú!

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap] [Bleep] [Bleep]

Treasa:

Roinn C: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na teoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn C

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 1

(Canúint na Mumhan)

Tomás:

Bhí an bua ag Íde Níc Dhomhnaill sa chéad rás trastíre do mhná den séasúr inné. Ritheadh an rás ar Champas Spóirt na hÉireann i mBaile Átha Cliath agus thóg sé fiche nóiméad agus ocht soicind agus tríocha ar Íde an cúrsa de shé chiliméadar a chríochnú.

Tá Íde ocht mbliana is tríocha d'aois agus is ball í de Chumann Lúthchleasaíochta Iarthar Luimnigh. Is as an gCaisleán Nua di ó dhúchas ach tá cónaí uirthi le fada i mBaile Átha Cliath. Is múinteoir í i nGaelscoil Naomh Pádraig, Leamhcán.

Agus í ag labhairt tar éis an rása inné, dúirt Íde gurbh é sin an chéad rás trastíre a bhí rite aici le roinnt blianta agus gur thug an rás dóchas di. Ba mhaith léi rith sa Chraobh Náisiúnta Thrastíre a bheidh ar siúl i gContae Chill Chainnigh ar an naoú lá déag de mhí na Samhna. Dá n-éireodh go maith le hÍde ag an rás sin, d'fhéadfadh sí a bheith páirteach i gCraobhchomórtais na hEorpa sa Bhruiséil ag tús mhí na Nollag.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 2

(Canúint Chonnacht)

Treasa:

Ag ócáid speisialta Dé Luain seo caite in Ollscoil na Gaillimhe, seoladh tuarascáil taighde nua a fuair maoiniú ó *Gaillimh le Gaeilge*. De réir an taighde, má úsáideann gnó an Ghaeilge ar chomharthaí, éireoidh leis an ngnó sin tuilleadh custaiméirí a mhealladh chuige.

Moltar sa tuarascáil, áfach, nár cheart do chomhlachtaí athrú a dhéanamh chuig an dátheangachas thar oíche ach gurbh fhearr plan a chur le chéile le cúnamh ó shaineolaí chun roinnt Gaeilge a shní isteach sa ghnó.

Agus é ag caint ag an ócáid, dúirt an tOllamh Gearóid Denvir go gcruthaíonn an teanga dea-mhéin ar chostas íseal agus go meallann an Ghaeilge foghlaimoirí teanga agus turasóirí chuig comhlachtaí.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 3

(Canúint Uladh)

Caitlín:

Tá sraith bheag de cheithre chlár déanta ag TG4 faoi Aerfort Dhún na nGall. Tá aerfort Dhún na nGall suite ar an Charraig Fhinn. Is ceantar álainn cois cósta é sin i gceartlár na Gaeltachta.

Tugtar cuntas beoga sa tsraith ar shaol fhoireann agus chustaiméirí an aerfoirt. Buaileann an lucht féachana le Pádraig Ó Cearbhaill a bhíonn ag obair mar Fháilteoir san aerfort achan lá, agus i measc na gcustaiméirí cáiliúla a chuirtear faoi agallamh sa tsraith, tá Daniel O'Donnell, Enya agus Packie Bonner.

Ar cheann amháin de na cláir, tugann an ceoltóir, Mairéad Ní Mhaonaigh, léargas ar an tábhacht a bhíonn ag an aerfort ina saol. Míníonn sí go bhfuil sí ina cónaí trasna an chuain ón aerfort agus nach bhféadfadh sí a bheith ag cur fúithi ina háit dúchais murach an tseirbhís a chuireann an t-aerfort ar fáil. Bíonn sí in ann taisteal go héasca thar lear agus go Baile Átha Cliath do cheolchoirmeacha agus bíonn sí in ann filleadh abhaile ina ndiaidh go hAerfort Dhún na nGall.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa:

Tá an triail thart anois. Go raibh maith agaibh.